# Ár gCairt Úsáideoirí Seirbhíse

Soláthraímid raon seirbhísí de réir na bhforálacha i gceithre phíosa reachtaíochta a bhfuil an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí freagrach astu:

- Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001;
- An tAcht Toghcháin, 1997 (arna leasú);
- An tAcht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú), 2014; agus
- An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015.

Áirítear na nithe seo leis na seirbhísí a sholáthraímid:

- Na hAchtanna um Eitic
  - treoirlínte a fhoilsiú agus comhairle a thabhairt maidir le comhlíonadh na reachtaíochta;
  - na córais um nochtadh leasanna agus imréiteach cánach a riar;
  - sáruithe féideartha ar an reachtaíocht a imscrúdú;
- Na hAchtanna Toghcháin
  - treoirlínte a fhoilsiú agus comhairle a thabhairt maidir le comhlíonadh na reachtaíochta;
  - riar agus tuairisciú a dhéanamh ar chórais rialála um shíntiúis pholaitíochta a nochtadh, speansais toghcháin, an maoiniú stáit a chuirtear ar fáil do pháirtithe polaitíochta, agus clárú "tríú páirtithe";
  - fiosruithe a dhéanamh de réir mar is gá;
- An tAcht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte)(Leasú)
  - riar agus tuairisciú a dhéanamh ar chaitheamh an liúntais ghníomhaíochtaí parlaiminte;
- An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil
  - clár brústocaireachta ar líne a chothabháil;
  - faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na bhforálacha um chlárú agus tuairisceáin;
  - breitheanna a thabhairt faoi fhorálacha áirithe an Achta;
  - cur chun feidhme agus cothabháil a dhéanamh ar chód iompair do dhaoine a sheolann gníomhaíochtaí brústocaireachta;
  - treoir agus cabhair a thabhairt; agus
  - sáruithe ar an reachtaíocht a imscrúdú agus a shaothrú.

Ní mór teagmháil a dhéanamh le geallsealbhóirí éagsúla inár gcuid oibre, lena n-áirítear:

- Airí/Airí Stáit
- Comhaltaí an Oireachtais, i.e. Teachtaí Dála agus Seanadóirí
- Feisirí Éireannacha de Pharlaimint na hEorpa
- Comhairleoirí Speisialta d'Airí
- Páirtithe Polaitíochta/Iarrthóirí
- Oifigigh thofa agus baill foirne d'Údaráis Áitiúla
- Daoine i bpoist ainmnithe agus i stiúrthóireachtaí sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí
- Tríú páirtithe
- Síntiúsóirí corparáideacha
- Daoine i mbun Brústocaireacht
- Daoine den phobal

Leagtar amach inár gCairt Úsáideoirí Seirbhíse na nithe ar féidir leat bheith ag súil leo uainn nuair a dhéanann tú teagmháil leis an gCoimisiún.

### Teagmháil thar an teileafón

Má dhéanann tú teagmháil linn thar an teileafón, déanfaimid na nithe seo a leanas:

· Do ghlao a fhreagairt go pras
· Ár n-ainm a thabhairt nuair a fhreagraímid do ghlao
· Bheith cúirtéiseach agus cuidiúil leat i ngach cás
· Freagra iomlán a thabhairt ar do cheist
· Mura féidir linn é sin a dhéanamh láithreach, tógfaimid do shonraí agus glaofaimid ar ais ort a luaithe is féidir
· Freagairt go pras do do theachtaireachtaí glórphoist uile

### Comhfhreagras scríofa

Má sheolann tú litir, ríomhphost nó ceist ar líne chugainn, déanfaimid na nithe seo a leanas:

· Do chomhfhreagras a admháil laistigh de chúig nó sé lá oibre
· A chinntiú go bhfaighidh tú freagra iomlán ar do chomhfhreagras scríofa laistigh de 28 lá oibre. Mura bhfuilimid in ann an spriocdháta sin a chomhlíonadh, déanfaimid teagmháil leat chun a mhíniú cén fáth nach bhfuil agus inseoimid duit cén uair a gheobhaidh tú freagra iomlán
· Ainm teagmhála agus sonraí teagmhála a thabhairt
· Scríobh chugat i dteanga shoiléir shimplí, gan aon téarmaí teicniúla a úsáid

### Cuairteoirí ar an Oifig/Imeachtaí for-rochtana

Má thugann tú cuairt orainn i bpearsa,
déanfaimid na nithe seo a leanas:

· Caitheamh leat le cúirtéis, meas a thabhairt ar do phríobháideacht agus bheith cothrom agus sinn ag déileáil leat
· Bualadh leat ag an am comhaontaithe má tá coinne agat
· Saoráidí cuí a chur ar fáil do chruinnithe
· Ár n-oifigí poiblí a choinneáil glan agus slachtmhar agus a chinntiú go gcomhlíonfar caighdeáin sláinte agus sábháilteachta iontu

### Seirbhís trí Ghaeilge

Tabharfaimid cúnamh do dhaoine ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh linn trí Ghaeilge

· Tabharfar freagra i nGaeilge ar aon chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge
· Foilseoimid doiciméid thábhachtacha, lena n-áirítear ár dTuarascálacha Bliantúla, i nGaeilge agus i mBéarla
· Cinnteoimid go mbeidh bileoga eolais atá dírithe ar an bpobal ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon
· Beidh an leagan Gaeilge dár suíomh Gréasáin ag teacht, a mhéid is féidir, leis an leagan Béarla
· Comhlíonfaimid na ceanglais eile atá orainn faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus faoi Scéim Teangacha Oifigiúla an Choimisiúin, mar atá foilsithe ar ár suíomh Gréasáin

### Comhionannas/Éagsúlacht/Míchumas/Príobháideacht

· Geallaimid go gcaithfimid leat gan aon idirdhealú ná leithcheal

· Tabharfaimid meas ar chomhionannas agus ar chearta an duine de réir phrionsabail Dhualgas na hEarnála Poiblí
· Beidh sé mar aidhm againn go mbeadh fáil agus rochtain éasca agat ar ár seirbhísí agus ar ár saoráidí
· Tabharfaimid meas ar an gceart atá agat chun príobháideachta

Is é seo a leanas an seoladh ríomhphoist teagmhála dár nOifigeach Rochtana faoin Acht um Míchumas: accessofficer@sipo.ie

## Gearáin in aghaidh Baill Foirne

Tá beartas i bhfeidhm againn le haghaidh gearáin in aghaidh baill foirne a láimhseáil. Tá an beartas ar fáil ar ár suíomh Gréasáin. Is féidir leat sonraí a iarraidh faoi freisin trí theagmháil a dhéanamh linn go díreach.

## Cabhraigh linn cabhrú leat

Is féidir leat cabhrú linn seirbhís ardchaighdeáin a thabhairt duit:
· Leag do ghearán amach ar an mbealach is soiléire agus is gonta agus is féidir leat
· Seol cóipeanna d'aon doiciméid ábhartha chugainn agus do ghearán á chur isteach agat
· Caith lenár mbaill foirne agus lenár seirbhís le meas
· Cuir tuairimí nó moltaí in iúl faoin tseirbhís a fhaigheann tú

## Comhairliúchán agus aiseolas

Bímid i gcónaí ag iarraidh moltaí a fháil faoi bhealaí inar féidir linn ár seirbhís a fheabhsú. Dá mba mhaith leat tuairim nó moladh a chur in iúl, seol ríomhphost chuig sipo@sipo.ie

## Cén áit ar féidir tuilleadh faisnéise a fháil

Tá an doiciméad seo ar fáil ar ár suíomh Gréasáin www.sipo.ie. Is féidir leat sonraí faoinár ngníomhaíochtaí eile, ár mbeartais agus ár bhfaisnéis teagmhála a fháil ar ár suíomh Gréasáin freisin.

## Ár láthair

Tá ár lánsonraí teagmhála ar fáil ar an leathanach Gréasáin "Teagmháil".

Is é seo a leanas ár seoladh: An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 HE97. Bíonn an Oifig ar oscailt ó 9.15 a.m. go 5.00 p.m. Luan go hAoine.

Teileafón: An Coimisiún um Chaighdeáin +353 1 639 5666
Brústocaireacht +353 1 6395722
Ríomhphost: Ceisteanna maidir leis an gCoimisiún um Chaighdeáin sipo@sipo.ie
Gearáin Eitice agus Toghcháin complaints@sipo.ie
Ceisteanna maidir le brústocaireacht info@lobbying.ie

Oifigeach saorála faisnéise: foi@sipo.ie
Oifigeach cosanta sonraí: dataprotection@ombudsman.ie